# Suimiú ar Chlár Dairteanna

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - uimhreacha a aithint agus a thuiscint, abairtí uimhris, uimhirnaisc<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha go dtí 10, uimhir thargaide, abairt uimhris |
| **Áiseanna** | Uirlis Chláir Dairteanna Mol Mata, ciúbanna, licíní |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**
   Cruthaigh clár dairteanna 5 theascóg leis na figiúirí 0-5. Caitheann gach dalta dhá dhairt agus ríomhann siad iomlán an dá uimhir.

2. **Gníomhaíocht 2**
   I mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga, caitheann daltaí dairt amháin ar a seal. Úsáideann siad ciúbanna/licíní chun cuntas a choinneáil ar a gcuid uimhreacha, cuireann siad ciúbanna nua leis ag gach seal. Déanann siad iarracht a bheith mar an chéad duine chun iomlán de 5/10 a bhaint amach.

3. **Gníomhaíocht 3**
   Caitheann gach dalta trí dhairt. Úsáideann siad teaglamaí de na huimhreacha buailte chun an oiread abairtí uimhris agus is féidir a chruthú.

4. **Gníomhaíocht 4**
   Agus an téacs bosca in úsáid agat, cuir uimhir thargaide i lár an chláir. I mbeirteanna, oibríonn daltaí amach an teaglaim d'uimhreacha a d'fhéadfaidís bualadh chun an iomlán sin a chruthú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad a scóráil tú?<br>• Cé mhéad abairt uimhris a chruthaigh tú? | • Cé mhéad slí dhifriúil ar féidir le dalta 10 gciúb a bhaint amach?<br>• Cé mhéad slí dhifriúil ar féidir an uimhir thargaide a bhaint amach? Ar aimsigh tú na teaglamaí difriúla ar fad? Conas atá a fhios agat?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na habairtí uimhris sin? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Sín na huimhreacha targaide chuig 10, 15 srl.